Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2023
(OR. en)

15452/23
PV CONS 55
RELEX 1319

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

13 agus 14 Samhain 2023

**<u>DÉ LUAIN, AN 13 SAMHAIN 2023</u>**

**<u>An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha leis na hAirí Gnóthaí Eachtracha</u>**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 15066/23.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 15259/23

Ghlac <u>an Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 15260/23

<u>Ceartas agus Gnóthaí Baile</u>

**1. Rialachán maidir le digitiú an nós imeachta víosaí** ❶C 14501/23 PE-CONS 41/23 VISA

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8.11.2023

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 77(2). pointe (a), agus Airteagal 79(2), pointe (a) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac <u>an Danmhairg</u> <u>ná Éire</u> páirt sa vótáil.

**2. Rialachán lena leasaítear an Rialachán maidir le greamáin víosa** ❶C 14502/23 PE-CONS 45/23 VISA

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8.11.2023

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 77(2). pointe (a), agus Airteagal 79(2), pointe (a) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac <u>Éire</u> páirt sa vótáil.

**3.** **Cinneadh lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta** ❶C 14500/23 PE-CONS 55/23 PROCIV

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 8.11.2023

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí:Airteagal 196 CFAE).

Talmhaíocht

**4.** **Rialachán chun an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme a thiontú ina Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme** ❶C 14670/23 + ADD 1 PE-CONS 53/23 AGRI

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas CST an 30.10.2023

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Iascach

**5.** **Rialachán lena leasaítear roinnt rialachán a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach** ❶C 14669/23 + ADD 1 **+ ADD 1 COR 1 (en)** PE-CONS 38/23 PECHE

*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 8.11.2023

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Fhionlainn agus an Iodáil ag vótáil ina choinne agus an Laitvia agus an Phortaingéil ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Cúrsaí reatha

4. Fogha na Rúise faoin Úcráin
*Seisiún tuairimíochta*

5. An Airméin/an Asarbaiseáin
*Seisiún tuairimíochta*

6. An staid in Iosrael agus sa réigiún
*Seisiún tuairimíochta*

7. Gné an bheartais eachtraigh den tslándáil eacnamaíoch
*Seisiún tuairimíochta*

8. Aon ghnó eile

**DÉ MÁIRT, AN 14 SAMHAIN 2023**

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha leis na hAirí Cosanta**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

9. Cúrsaí reatha

10. Tacaíocht ón Aontas don Úcráin
*Seisiún tuairimíochta*

11. Aon ghnó eile

---

❶ An chéad léamh

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 15260/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán chun an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme a thiontú ina Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le fuarlitir agus le spiorad Rialachán Uimh. 182/2011 (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13), pointe b) den dara fomhír d'Airteagal 5(4), a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim. Toisc gur eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le Airteagal 5(4), ní féidir glacadh le dul i muinín phointe b) d'fhomhír 2 mar chumhacht lánroghnach de chuid an Reachtóra, agus ní mór é sin a léiriú ar bhealach sriantach agus, ní mór, mar sin, údar a bheith leis.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena leasaítear roinnt rialachán a mhéid a bhaineann le rialú ar iascach**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Measann an Ostair gur ionstraim thábhachtach é an rialachán leasaithe maidir le rialú chun an Comhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme. Is uirlis bhunriachtanach iad ceanglais dhiana inrianaitheachta i gcomhrac an iascaigh neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte. Dá bhrí sin, is oth leis an Ostair nach gcuirfear ceanglais inrianaitheachta le haghaidh táirgí próiseáilte chun feidhme ach a mbeidh idirthréimhse fhada istigh agus trí ghníomh tarmligthe.'

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG**

'Tacaíonn an Danmhairg leis an gcuspóir maidir le rialú éifeachtach lena rannchuidítear le gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe a chruthaíonn tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta.

Ag an am céanna, cuireann an Danmhairg i bhfios go láidir gur cheart go dtacódh úsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha i rialú iascaigh le bainistiú inbhuanaithe agus go n-áiritheofaí rialáil níos fearr, lena n-áirítear níos mó solúbthachta d'iascairí, mar shampla agus trealamh á roghnú agus á fhorbairt acu.

Cuireann an Danmhairg i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé gan ach rialacha a ghlacadh a mbeadh sé réasúnach go bhféadfadh iascairí iad a chomhlíonadh. Is oth leis an Danmhairg nár baineadh amach an cuspóir sin i ndáil leis na rialacha maidir le corrlach lamhháltais i gcás meastacháin atá le taifeadadh i logleabhar gabhálacha speiceas peiligeach beag agus speiceas tionsclaíoch a choimeádtar ar bord agus iad úr agus neamhshórtáilte ar an mórchóir. Dar linne, is iad nósanna imeachta éifeachtúla na meá ar thabhairt i dtír a chinntíonn bainistiú láidir cuótaí, seachas na meastacháin sa logleabhar. Chuir codanna de chabhlach peiligeach na Danmhairge tús le tionscadal a úsáideann CCTV ina mbíonn iascairí rannpháirteach agus i dtionscnaimh eile mar shampla tionscadal CCTV in Kattegat chun úsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha a chur chun cinn. Measann an Danmhairg gur cheart go mbeidís in ann tairbhe a bhaint as níos mó solúbthachta sa chorrlach lamhháltais, agus is oth léi nach cuid den téacs comhréitigh deiridh é sin.

Thairis sin, measann an Danmhairg gur trua nár cuireadh ár n-ionchur sa phróiseas lena ndéantar athbhreithniú ar chóras rialaithe iascaigh an Aontais san áireamh go leordhóthanach.'

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Measann an Eastóin go bhfuiltear ag dul sa treo cheart agus é mar aidhm fhoriomlán sonraí iascaireachta a bhailiú go leictreonach, agus go gcuirfidh sin feabhas ar an rialú oibríochtúil. Mar sin féin, tá an Eastóin fós drogallach faoi roinnt de ghnéithe an chomhaontaithe, agus tá ceist shonrach aici maidir le cuid de na bearta a bheith comhréireach.

Feicimid go mbeidh éileamh díréireach ard ar acmhainní ag roinnt forálacha a dhéanann difear don rialú ar chabhlach mionscála i gcomparáid leis an éifeacht a bhíonn ag an gcabhlach sin ar na stoic éisc. Creideann an Eastóin go daingean, cé go bhfuil dul chun cinn déanta sa ríomhrialachas, sa teicneolaíocht agus san intleacht shaorga, go mbeidh na húdaráis fós ag obair le hacmhainní teoranta. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil gá le hord tosaíochta a shocrú chun bheith in ann dul i ngleic leis na saincheisteanna is práinní agus leis sin, sláinte na stoc éisc a chosaint. Ceann de na forálacha sin a mheasaimid a bheith díréireach is ea an oibleagáid tús a chur le rianú na soithí go léir, gan beann ar a méid. Is léir ón taithí intíre atá againn go dtí seo go mbíonn fadhbanna ag baint le beart den sórt sin a chur chun feidhme. Ar ndóigh, is féidir na fadhbanna sin a réiteach, ach bheadh acmhainní ag teastáil a d'fhéadfaí a úsáid ar bhealach níb fhearr chun rialú níos déine a dhéanamh ar dheighleoga a mbíonn tionchar níos mó acu ar stoic éisc.

Chomh maith leis an ualach ar an riarachán, beidh sé deacair ar na hiascairí cuid de na forálacha nua a chur chun feidhme ina gcleachtas laethúil. Is cúis mhór imní dúinn an oibleagáid nua atá ar chabhlach mionscála sonraí logleabhair a chur isteach roimh thuirlingt. In éineacht leis na rialacha maidir le corrlaigh lamhháltais, is dócha go mbeidh fadhbanna móra ag iascairí soithí beaga (e.g. níos lú ná 8 m) an ghabháil a bhaint den trealamh, í a shórtáil de réir speicis agus measúnú cruinn a dhéanamh ar na méideanna go léir agus iad fós i mbád beag.'

**RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN**

'Measann an Fhionlainn gur cuid riachtanach agus thábhachtach den Chomhbheartas Iascaigh é rialú éifeachtach costéifeachtach ar iascaigh, arb é is aidhm dó inbhuanaitheacht na stoc éisc a áirithiú. Mar sin féin, ní mór na costais maidir le rialú a bheith i gcomhréir leis na tairbhí infhíoraithe a bhaineann le rialú, agus ní mór na costais a mheas ó thaobh na gcineálacha éagsúla iascaireachta agus na ngrúpaí iascairí ionas nach mbeidh na ceanglais maidir le rialú míréasúnta d'iascairí agus do na húdaráis.

Is díol sásaimh don Fhionlainn na hathruithe dearfacha a rinneadh ar an togra bunaidh ón gCoimisiún le linn na caibidlíochta. Mar sin féin, ní fhreagraíonn an toradh a baineadh amach do chuspóirí caibidlíochta na Fionlainne agus ní féidir leis an bhFionlainn tacú leis. Go háirithe, tá oibleagáidí faireacháin do shoithí beaga míréasúnta agus neamhriachtanach.

Is cúis imní don Fhionlainn na hoibleagáidí a bhaineann leis an gcorrlach lamháltais ceadaithe idir méideanna measta agus méideanna meáite na ngabhálacha. Is maith an rud é, i gcás iascaigh pheiligeacha neamhshórtáilte, gur féidir an lamháltas 10 % a ríomh ar bhonn gach speicis i gcomhréir leis an ngabháil iomlán. Níor cheart úsáid an mhaolaithe sin a chur i mbaol, áfach, trí bhíthin oibleagáidí iomarcacha maidir le rialú nach gceadóidh d'iascairí gabhálacha a thabhairt i dtír ach i líon teoranta calafort.

Ina theannta sin, measann an Fhionlainn go dtéann an rialú ar iascaireacht áineasa agus na smachtbhannaí i leith sáruithe i bhfad rófhada. Tá sé thar a bheith deacair glacadh leis go meastar gur sárú tromchúiseach é gabháil ó iascaireacht áineasa a dhíol ag tairseach an-íseal.

Ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach le toradh na caibidlíochta go bhfuil an iascaireacht agus na dálaí gaolmhara an-difriúil i limistéir farraige éagsúla, idir limistéir thráchtála agus limistéir áineasa. Tá an-díomá ar an bhFionlainn nach bhfuil airteagal maidir le réigiúnú san áireamh sa rialachán ós rud é gur bunphrionsabal inghlactha de chuid CBI é.'

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

'D'eascair an t-athbhreithniú ar na rialacha Eorpacha maidir leis an gcóras rialuithe iascaigh as an ngá atá le simpliú dá dtagraítear i gconclúidí tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 (an Rialachán um Rialú). De réir na tuarascála, bhí sé deacair d'oibreoirí an Rialachán um Rialú a thuiscint agus bhí sé deacair ar na húdaráis rialaithe náisiúnta é a chur chun feidhme. In 2018, thíolaic an Coimisiún Eorpach a thogra le haghaidh Rialachán leasaitheach (COM (2018) 368 final), a raibh an chuma air go ndeachaigh sé ar mhalairt slí ar fad.

Ó foilsíodh í, bhí an Iodáil rannpháirteach go gníomhach san idirbheartaíocht agus tá go leor moltaí déanta aici le haghaidh leasuithe chun feabhas a chur ar an téacs agus chun é a dhéanamh níos intuigthe agus níos inoibrithe.

Glacadh le cuid de na moltaí, ach diúltaíodh don chuid is mó díobh.

Go háirithe, d'iarr an Iodáil bearta a d'fhéadfadh a dhéanamh seachas ceamaraí a shuiteáil ar bord soithí iascaireachta chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a rialú, mar shampla breathnóirí rialaithe a úsáid. Ina theannta sin chuir sí i gcoinne an mholta go ndéanfadh cigirí ó Bhallstáit eile cigireachtaí ar chríoch náisiúnta Ballstáit, rud a bhaineann an bonn de cheannasacht an stáit. Níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh ach oiread ar an gcaoi ar chuir an Iodáil i gcoinne na rialacha nua maidir le hiascaireacht áineasa, a chruthaíonn ualach riaracháin an-trom do riaracháin náisiúnta agus dar gá athruithe leanúnacha ar bhearta maidir le corrlach lamháltais.

Is cinnte go bhfuil an téacs reatha níos fearr ná an téacs bunaidh, ach ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, dearbhaíonn an Iodáil go bhfuil sí le **<u>vóta a chaitheamh ina choinne</u>**.'

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Aithníonn an Phortaingéil a thábhachtaí agus a riachtanaí atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe iascaigh, ar uirlis bhunriachtanach é chun a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe inbhuanaithe san fhadtéarma.

Tá an Phortaingéil den tuairim go bhfuil an comhréiteach ag teacht go maith, ar an iomlán, leis na dúshláin atá roimh earnáil an iascaigh faoi láthair agus gur feabhas suntasach é i gcomparáid leis na bearta atá ann cheana.

Is oth leis an bPortaingéil, áfach, nach bhfuil na rialacha nua maidir leis an gcorrlach lamháltais le haghaidh gabhálacha speiceas peiligeach beag oiriúnach do ghníomhaíochtaí iascaireachta i ndáiríre.

Le linn an phróisis caibidlíochta, chuireadh an Phortaingéil in iúl go seasta nach bhfuil na bearta sin indéanta don earnáil, i bhfianaise chineál na n-iascach peiligeach beag.

Sa chomhthéacs sin, i bhfianaise na deacrachta a chruthófar leis na rialacha nua maidir leis an gcorrlach lamháltais do ghníomhaíocht laethúil na gcabhlach náisiúnta, staonann an Phortaingéil."

**RÁITEAS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Tá an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le córas i ndáil le rialú an Chomhbheartais Iascaigh tábhachtach agus riachtanach chun cur chuige aonfhoirmeach a bhaint amach chun rialú chur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, agus ar an gcaoi sin an mhuirthimpeallacht agus bainistiú inbhuanaithe na stoc iascaigh a chaomhnú, agus na hathruithe domhanda a dhéanann difear d'iascach Eorpach á gcur san áireamh go háirithe.

Is díol sásaimh do Phoblacht na Slóivéine go gcuirtear san áireamh sa Rialachán lena leasaítear Rialacháin éagsúla maidir le rialú iascaigh saintréithe na n-earnálacha iascaireachta beaga agus na hiascaireachta cósta ar mionscála chomh maith le saintréithe iascaigh na Slóivéine. Léirítear é sin sa togra mar a glacadh go deireanach é ag an gcruinniú tríthaobhach, agus sin an fáth a dtacaíonn an tSlóivéin leis an téacs comhréitigh deiridh.

Mar sin féin, is cúis imní dúinn i gcónaí an idirthréimhse níos giorra maidir le córais leictreonacha a thabhairt isteach (logleabhair leictreonacha agus dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír) nach mairfidh anois ach 2 bhliain i gcás soithí idir 12 mhéadar agus 15 mhéadar ar fhad, toisc go bhféadfadh deacrachtaí cur chun feidhme agus cost-éifeachtúlacht laghdaithe a bheith mar thoradh air sin.

Is cúis imní dúinn i gcónaí freisin na costais bhreise agus na hualaí riaracháin breise a d'fhéadfadh teacht as inrianaitheacht dhigiteach do tháirgí iascaigh a thabhairt isteach go héigeantach d'oibreoirí ar micrifhiontair agus fiontair bheaga iad.'

**RÁITIS ÓN gCOIMISIÚN**

**<u>Ráiteas maidir le hAirteagal 6 agus Airteagal 7 (Teacht i bhfeidhm/dáta cur i bhfeidhm)</u>**

'Tugtar de chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ghlacadh, ar gníomhartha iad a mbeidh feidhm acu ar na dátaí cur chun feidhme a leagtar amach sa Rialachán seo.

Féachfaidh an Coimisiún leis na gníomhartha sin a ghlacadh luath go leor roimh na dátaí atá siad ceaptha teacht chun bheith infheidhme.

Agus na gníomhartha sin á n-ullmhú aige, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 404/2011 i bhfianaise an Rialacháin seo agus aon ghníomh cur chun feidhme nó tarmligthe arna nglacadh agus aisghairfidh sé na forálacha sin de Rialachán (AE) 404/2011 a dtiocfaidh an Rialachán seo nó aon ghníomh cur chun feidhme nó tarmligthe ina n-ionad.'

**<u>Ráiteas maidir leis na cumhachtaí cur chun feidhme arna ndeonú don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis na maoluithe ar na rialacha maidir leis an corrlach lamháltais</u>**

'Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena soláthrófar tuilleadh sonraí maidir le hinneachar an ghnímh reachtaigh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é faoi choinníollacha aonfhoirmeacha sna Ballstáit uile go háirithe maidir le calafoirt agus saoráidí a ainmniú chun gabhálacha iasc peiligeach beag neamhshórtáilte, tuinníní tionsclaíoch agus trópaiceacha, agus iascaigh pheaslíon saighne a thabhairt i dtír agus a mheá, lena gceadaítear tairbhiú de mhaoluithe ó na rialacha maidir leis an gcorrlach lamháltais chun cur chun feidhme aonfhoirmeach na bhforálacha is infheidhme a áirithiú.

Tosóidh an Coimisiún ag obair ar an dréacht-rialachán cur chun feidhme ar bhonn chuspóirí agus cheanglais na bhforálacha ábhartha díreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán um Rialú.

Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall an dréachtghníomh cur chun feidhme a thíolacadh gan mhoill tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin um Rialú chun tuairim a fháil ón gCoiste um iascach agus dobharshaothrú d'fhonn an glacadh roimh dháta chur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann leis an gcorrlach lamháltais a éascú, i.e. laistigh de 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chóras an Aontais um rialú iascach.'

**<u>Ráiteas maidir leis na rialacha um rialú nua agus cothrom iomaíochta le tríú tíortha</u>**

'I gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán an Chomhbheartais Iascaigh, cuirfidh an Coimisiún cothrom iomaíochta chun cinn d'oibreoirí an Aontais i gcomparáid le hoibreoirí tríú tíortha, ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach araon, maidir leis na rialacha um rialú nua a chuirfear chun feidhme faoin gcóras athbhreithnithe um rialú iascach, mar shampla cianfhaireachán leictreonach agus rialú ar iascaireacht ar mionscála agus ar iascach áineasa. Leanfaidh an Coimisiún freisin, i ngach réimse idirnáisiúnta, de bheith ag cur chun cinn agus na gníomhaíochta is gá chun iascaireacht NNN a dhíothú agus de bheith ag tacú leis an ngníomhaíocht sin.'

**<u>Ráiteas maidir leis na himpleachtaí acmhainne a bheidh ag toradh na caibidlíochta idir-institiúidí maidir leis an athbhreithniú ar chóras an Aontais um rialú iascach</u>**

'Meabhraítear don Choimisiún go bhfuil an comhaontú deiridh ar thángthas air maidir leis an athbhreithniú ar chóras an Aontais um rialú iascach, go háirithe maidir le tuairisciú leictreonach ar ghabhálacha agus maidir le rianú soithí mionscála, maidir le gabhálacha ó iascairí áineasa a thaifeadadh agus a thuairisciú, maidir le hinrianaitheacht na n-iascairí áineasa, táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, ach freisin maidir le tuarascálacha bliantúla agus an gá atá le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a ghlacadh, lena n-áirítear an corrlach lamháltais, i gcomparáid leis an togra tosaigh ón gCoimisiún (COM(2018)368 críochnaitheach an 30.5.2018).

Méadaítear go suntasach leis an gcomhaontú líon na gcúraimí agus na n-oibleagáidí atá ar an gCoimisiún agus an t-ualach oibre a bhaineann leis, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, i.e. tar éis na tréimhse reatha. clársceideálaithe. Áirítear orthu sin gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a ghlacadh, gníomhartha arb e a mhol an Coimisiún a áireamh sa bhunghníomh, staidéir indéantachta a dhéanamh ar inrianaitheacht táirgí ullmhaithe agus leasaithe, forbairt, imscaradh, agus cothabháil agus uasghrádú aonfhoirmeach a dhéanfar amach anseo ar uirlisí TF d'iascaigh mhionscála agus iascaigh áineasa, mar aon le tiomsuithe éagsúla de thuarascálacha bliantúla atá le foilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Tá tionchar díreach aige sin ar na hacmhainní measta a bheidh ag teastáil do sheirbhísí an Choimisiúin, rud nach rabhthas ag súil leis nuair a thíolaic an Coimisiún a thogra.'